2026/2605

23.11.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2605 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Samhain 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2026/455 maidir le bearta sriantacha chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Feabhra 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/455 ([1]).

(2) I bhfianaise na bagartha leanúnaí ó The Base, ba cheart duine amháin a chur leis na liostaí in Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2026/455.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2026/455 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2026/455 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON

([1]) Cinneadh (CBES) 2026/455 ón gComhairle an 26 Feabhra 2026 maidir le bearta sriantacha chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, lena n-aisghairtear Airteagail 2, 3 agus 3a de Chomhsheasamh 2001/931/CBES maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/1577 agus Cinneadh (CBES) 2026/421 (IO L, 2026/455, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/455/oj).

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2026/455 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, faoin gceannteideal ‘A. Daoine nádúrtha’, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

‘1. NAZZARO Rinaldo (ar a dtugtar freisin Norman Spear, Roman Wolf); Áit bhreithe: Stáit Aontaithe Mheiriceá; Náisiúntacht: Stáit Aontaithe Mheiriceá; Inscne: fireann.’;

(2) in Iarscríbhinn IV, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

‘1. NAZZARO Rinaldo (ar a dtugtar freisin Norman Spear, Roman Wolf); Áit bhreithe: Stáit Aontaithe Mheiriceá; Náisiúntacht: Stáit Aontaithe Mheiriceá; Inscne: fireann.’.